C/2025/6456

3.12.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11952 — VOLVO / SWECON)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6456)

1. An 25 Samhain 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Volvo Construction Equipment AB (an tSualainn, 'VCE'), faoi rialú Aktiebolaget Volvo (an tSualainn, 'Volvo'),

— Swecon Anläggningsmaskiner AB (an tSualainn) agus Swecon Baumaschinen GmbH (an Ghearmáin), dá ngairtear, le chéile, 'Swecon', mar aon le Entrack Sverige AB (an tSualainn, 'Entrack'), atá faoi rialú Lantmännen ek (an tSualainn) faoi láthair. Tugtar 'an Spriocghnóthas' ar Swecon agus Entrack le chéile.

Baineann an comhchruinniú beartaithe le VCE rialú aonair de réir bhrí 3(1)(b) a fháil ar an Spriocghnóthas.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta mhonaraíochta ilnáisiúnta é Volvo a bhfuil a cheanncheathrú in Gothenburg, an tSualainn. Tá sé gníomhach ar fud an domhain i monarú agus i ndíol trucailí bóthair agus trucailí eisbhóthair, busanna, trealamh tógála, innill mhuirí, innill thionsclaíocha le haghaidh feithiclí bóthair chomh maith le feidhmeanna eisbhóthair agus giniúna cumhachta. Is fochuideachta ar lánúinéireacht de chuid Volvo é VCE atá speisialaithe i monarú agus i soláthar mórdhíola trealaimh foirgníochta, páirteanna spártha gaolmhara agus seirbhísí gaolmhara,

— tá an Spriocghnóthas gníomhach i ndáileadh innealra, innill agus páirteanna spártha do thionscal na tógála agus na hinnealtóireachta sibhialta agus cuireann sé seirbhísí cíosa agus iardhíola ar fáil do threalamh den sórt sin. Is é Swecon déileálaí eisiach VCE sa tSualainn, sa Ghearmáin, san Eastóin, sa Laitvia agus sa Liotuáin, agus tá ENTRACK gníomhach i soláthar páirteanna spártha agus ceangaltán le haghaidh trealamh tógála sa tSualainn, san Fhionlainn, sa Pholainn agus san Iodáil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11952 — VOLVO / SWECON

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË